# Applying to CAO



*your next step*

CAO
www.cao.ie

# Cuspóir CAO

- **Déanann Lár-Oifig Iontrála (CAO) iarratais ar chúrsaí fochéime a phróiseáil in Institiúidí Ardoideachais.**

- **Eisítear tairiscintí agus taifeadtar gach glacadh ag CAO.**

- **Déantar measúnú ar iarratais agus cinntí maidir le hiontrálacha ag Oifigí Iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais.**




# Próiseas Iarratais




www.cao.ie/handbook






www.cao.ie/apply

# Gníomhaíocht Thráthúil

NÁ FÁG
GACH RUD GO DTÍ
AN NÓIMÉAD
DEIREANACH!






D'fhonn a bheith cothrom do gach iarratasóir, tá dátaí deiridh dochta i bhfeidhm agus ba cheart mar sin gníomhú in am agus i dtráth.

# Srianta

CÚRSAÍ SRIANTA

IARRATASÓIRÍ LÁNFHÁSTA

HEAR
MÍBHUNTÁISTE SOCHEACNAMAÍOCH

DARE
MÍCHUMAIS/SLD
(géardheacrachtaí foghlama)


**Ní mór iarratais a dhéanamh faoi 1 Feabhra ag 5pm. Féach ar Lámhleabhar an CAO le haghaidh mionsonraí iomlána.**

# Iarratas a Dhéanamh

Déanann iarratasóirí iarratas ar líne ag www.cao.ie/apply

Cuir isteach go cúramach mionsonraí amhail d’ainm, seoladh, dáta breithe, scoileanna ar ar fhreastail tú, faisnéis maidir le scrúduithe, srl.

Déan cinnte go gcuirfidh tú in iúl do CAO faoi na cáilíochtaí ábhartha agus na díolúintí uile – roghnaigh an rannán/na ranna ábhartha ar an bhfoirm iarratais.



# Uimhir Iarratais CAO

- Nuair a dhéanann tú iarratas ar líne, beidh d'uimhir iarratais le feiceáil ar an scáileán. Gheobhaidh tú ríomhphost freisin ina mbeidh d'uimhir iarratais CAO agus cód deimhnithe ríomhphoist.
- Rud príobháideach is ea d'uimhir iarratais agus úsáidfear í i ngach comhfhreagras idir tú féin agus an CAO sa chuid eile den bhliain.
- Beidh d'uimhir iarratais CAO, dáta breithe agus pasfhocal de dhíth ort agus tú ag logáil isteach ar do chuntas tríd an tsaoráid 'M'Iarratas' chun nuashonrú a dhéanamh ar d'iarratas.



# Cáilíochtaí & Measúnú

- **Ní mór duit an rannán (na ranna) ar Cháilíochtaí agus Measúnuithe a bhaineann leatsa a chomhlánú.**

Mar shampla, más iarrthóir Ardteistiméireachta céaduaire thú faoi aois 23 gan cháilíochtaí ábhartha ar bith eile, iarrfar ort ainm agus seoladh do scoile a chur isteach agus na blianta ar fhreastail tú uirthi. Ní mór duit freisin tic a chur i mbosca scrúduithe na hArdteistiméireachta agus bliain d'Ardteistiméireachta a léiriú ina dhiaidh sin.

Más rud é go ndearna tú an Ardteistiméireacht roimhe, ní mór duit an bhliain agus an uimhir scrúdaithe a chur isteach freisin sa spás a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm iarratais.




# Cúrsaí a Roghnú


- Faigh comhairle ó do Chomhairleoir Gairmthreorach.
- Déan do chuid roghanna a phlé le do theaghlach agus le do chairde.
- Is féidir teacht ar shonraí faoi chúrsaí i réamheolairí Institiúidí Ardoideachais agus ar shuíomhanna gréasáin na nInstitiúidí Ardoideachais.
- Tá saoráid chuardaigh cúrsaí ar fáil ag www.cao.ie/courses



# Liostaí Leibhéal 8 agus Leibhéal 7/6 (Roghanna Cúrsaí)

- Tá 2 liosta roghanna cúrsaí ann (Leibhéal 8 agus Leibhéal 7/6) agus féadann iarratasóirí suas le 10 rogha cúrsaí a dhéanamh ar gach liosta.
- Ní chuirfidh do rogha cúrsaí ar liosta amháin isteach ar do rogha ar an liosta eile ar bhealach ar bith. Is féidir smaoineamh orthu mar dhá iarratas ar leith ar aon fhoirm amháin.
- Is féidir tairiscint a fháil ar an dá liosta. D’fhéadfá ansin glacadh le do thairiscint Leibhéal 7/6 nó le do thairiscint Leibhéal 8.
- De rogha air sin, seans nach mbeifeá ag iarraidh glacadh le ceachtar acu.




# Ord Tosaíochta

- **An rud is tábhachtaí le foghlaim ón gcur i láthair seo ná...**

**DO ROGHA CÚRSAÍ A CHUR I bhFÍOR-ORD DO ROGHA FÉIN!**




**Is botún tromchúiseach é gan seo a dhéanamh.**

# Saoráid Athraithe Intinne




**Féadann tú an tsaoráid seo a úsáid chun ord do rogha cúrsaí a athrú agus / nó chun cúrsaí nua a chur isteach, faoi réir na srianta a leagtar amach sa lámhleabhar.**

**Osclaítear an tsaoráid 'Athrú Intinne' go luath i mí Bealtaine agus dúntar í ar an 1 Iúil ag 5pm**

# Ráiteas ar Thaifead Iarratais

**Mura bhfuil Ráiteas faighte agat roimh**




**gabh i dteagmháil le CAO láithreach.**

Roimh dheireadh mhí na Bealtaine, seolfar Ráiteas ar Thaifead Iarratais chugat. Is é is cuspóir leis an ríomhphost sin a mholadh duit logáil isteach ar do Chuntas CAO lena dheimhniú go ndearnadh do chuid faisnéise go léir a thaifeadadh ina hiomláine agus i gceart ar do chuntas. Sa chás nach leanfá na treoracha sin láithreach, d'fhéadfadh sé go mbeadh impleachtaí an-tromchúiseach ar fad do d'iarratas.

Déan seic go cúramach ar na rudaí seo a leanas, agus má tá aon earráid nó easnamh ann déan an Ráiteas a cheartú agus cuir ar ais chuig CAO é.


An bhfuil d'uimhreacha scrúduithe ceart? (ná déan talamh slán de go bhfuil siad ceart)

An bhfuil gach scrúdú luaite?

An bhfuil gach díolúine ó scrúdú luaite?

An bhfuil do chuid cúrsaí ar fad léirithe agus san ord ceart?

# Seiceáil le haghaidh ríomhphost ó CAO




- Déan cinnte go seiceálfaidh tú an cuntas ríomhphoist a d'úsáid tú nuair a chláraigh tú le CAO go rialta le haghaidh ríomhphoist nua ó CAO ina mbeadh faisnéis agus treoracha tábhachtacha.
- Ba chóir duit na fillteáin seo a sheiceáil go tréimhsiúil: turscar, bulc, cur chun cinn nó dramhphost, etc. Má fhaigheann tú amach go bhfuil ríomhphoist ó CAO nó ó Institiúidí Ardoideachais á dtarchur chuig na fillteáin sin, ba chóir duit breithniú a dhéanamh ar na seoltaí ríomhphoist sin a chur le do chuid teagmhálaithe nó le do leabhar seoltaí ríomhphoist.
- Ba chóir freisin seiceáil sa rannán Comhfhreagrais de do chuntas ina bhfuil taifead de gach ríomhphost a seoladh chugat ó CAO, agus aon cheisteanna ar líne a chuir tú faoi bhráid an CAO nuair a bhí tú logáilte isteach i d'iarratas.

# Próiseas na Tairisceana




- I ndiaidh eisiúint thorthaí na hArdteistiméireachta cuirfidh CAO scéala chuig gach iarratasóir.
- Mura bhfuil tú i dteideal tairisceana fós i mBabhta A, Babhta 0 nó Babhta 1, cuirfear ríomhphost Ráitis ar Iarratas chugat ina n-iarrfar ort do chuid faisnéise cuntais a sheiceáil go cúramach mar go mbeidh seans ann go mbeidh faisnéis thábhachtach mícheart nó in easnamh.

# Próiseas na Tairisceana




- Beidh tairiscintí ar fáil freisin ar láithreán gréasáin an CAO.
- Féadann tú seiceáil le haghaidh tairiscintí agus glacadh leo ar an láithreán gréasáin.
- Má tá tú i dteideal tairisceana, cuirfear ríomhphost chugat ina bhfuil sonraí do thairisceana/thairiscintí. Is féidir go bhfaighfeá níos mó na ríomhphost amháin má tá tairiscint faighte agat ó do liosta Leibhéal 8 agus ó do liosta Leibhéal 7/6.
- Gheobhaidh tú teachtaireacht téacs SMS freisin má tá an rogha seo roghnaithe agat.
- Bá chóir duit seiceáil le cinntiú go bhfuil na sonraí ar fad i do Chuntas CAO ceart agus nach bhfuil aon earráid ann nó rud ar bith in easnamh.


# Próiseas na Tairisceana




**Ní féidir le moill ar bith a bheith ann ag céim na tairisceana/na glacachta.**


- **D'fhéadadh aon tairiscint nár glacadh léi ag an dáta deiridh maidir le glacadh le tairiscintí in CAO a thairiscint go hiarratasóir eile sa chéad bhabhta eile de thairiscintí.**
- **Gheobhaidh tú ríomhphost le hadmháil go bhfuarthas do ghlacacht.**

# Leithdháileadh Áiteanna




- Caithfear súil ar chúrsaí Leibhéal 8 amháin anois, ach is ionann go díreach an próiseas le cúrsaí Leibhéal 7/6, agus ag an am céanna.
- Sna leathanaigh seo a leanas, léireofar an tábhacht a bhaineann leatsa, an t-iarratasóir, ag cur na gcúrsaí i bhfíor-ord do rogha féin.

# Leithdháileadh Áiteanna




- Nuair a eisítear torthaí scrúduithe cuirtear isteach i ríomhaire CAO iad.
- Seiceálann an ríomhaire torthaí gach iarratasóra.

Do gach cúrsa ar a gcuireann an t-iarratasóir isteach oibríonn an ríomhaire amach ar dtús ar bhain an t-iarratasóir na riachtanais íosta iontrála amach don chúrsa.

# Leithdháileadh Áiteanna

Má bhaineann an t-iarratasóir na riachtanais íosta iontrála amach don chúrsa, ríomhtar pointí an iarratasóra do rogha an chúrsa seo.

Cuirtear gach iarratasóir ar liosta ansin, in ord fiúntais acadúla, do gach cúrsa ar ar chuir siad isteach.


Riachtanais Íosta Iontrála + Scór Pointí = Áit ar Liosta Oird Fiúntais

# Leithdháileadh Áiteanna





- Cuireann oifigigh iontrála na nInstitiúidí Ardoideachais in iúl do CAO cé mhéad áit atá le tairiscint ar gach cúrsa.
- Déanann CAO tairiscintí ansin don líon iarratasóirí ata de dhíth ar gach cúrsa agus tosaítear leis an iarratasóir is mó pointí agus oibrítear ar aghaidh síos go dtí go ndéantar tairiscint ar go leor áiteanna.

# Leithdháileadh Áiteanna




- Mura glacann roinnt iarratasóirí leis na tairiscintí, cuirtear na háiteanna seo ar fáil sa chéad bhabhta eile de thairiscintí.
- Déantar iad a atairiscint do na chéad iarratasóirí eile ar an liosta Ord Fiúntais. Leantar ar aghaidh leis an bpróiseas seo go dtí go líontar gach áit ar an gcúrsa nó go dtí go ndéantar áit a thairiscint do gach iarratasóir incháilithe ar an liosta Ord Fiúntais.

# Leithdháileadh Áiteanna



**SAMPLA**
**– níl torthaí ar fáil fós!**

- **Seo na hiarratasóirí ar CK101 - Na hEalaíona i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh**
- **Níor eisíodh torthaí na scrúduithe fós, mar sin de níl aon ord ar leith ar na hiarratasóirí.**
- **Déanfaimid dul chun cinn an iarratasóra i ndearg a rianú.**


# Leithdháileadh Áiteanna

1. CK101

2. DN201

3. AL850

10. LM040



**SAMPLA**
**– Eisíodh torthaí na hArdteistiméireachta.**

- Cuirtear na hiarratasóirí i scuaine do gach cúrsa ar a ndearna siad iarratas. Bíonn a n-áit sa scuaine ag brath ar líon na bpointí a fuair siad.
- Cuirtear an t-iarratasóir ag a bhfuil an líon is airde pointí ar bharr na scuaine. Braitheann a háit sa scuaine do gach cúrsa ar a ndearna sí iarratas ar na pointí a bhain an t-iarratasóir i ndearg amach.


# Leithdháileadh Áiteanna

1. CK101

2. DN201

3. AL850

10. LM040




**SAMPLA**
**– Eisíonn Institiúidí Ardoideachais tairiscintí Bhabhta 1**

- **Tá go leor pointí ag na hiarratasóirí atá marcáilte i nGLAS le háit a thairiscint dóibh.**
- **Tá go leor pointí ag an iarratasóir atá marcáilte i nDEARG lena dara rogha a fháil.**

# Leithdháileadh Áiteanna

1. CK101

2. DN201




**SAMPLA**
**– Eisíonn Institiúidí Ardoideachais tairiscintí Bhabhta 1**

- **Tairgtear an dara rogha don iarratasóir i nDEARG, an cúrsa is airde ar a liosta in ord a rogha a bhfuil go leor pointí aici dó, agus imeoidh sí ón scuaine anois do gach rogha eile a bhí níos ísle ar an liosta aici.**
- **Chuir sí DN201 mar an dara rogha a bhí aici agus ciallaíonn sé sin gurbh fhearr léi tairiscint a fháil do DN201 ná do chúrsa ar bith eile ach amháin CK101 - a bhí mar an chéad rogha aici.**

# Leithdháileadh Áiteanna

1. CK101




**SAMPLA**
**– tairiscintí Bhabhta 2**

- **Tar éis do thairiscintí Bhabhta 2 a bheith eisithe, tá ár n-iarratasóir anois sa chéad áit ar an liosta feithimh dá céad rogha de chúrsa.**
- **Tá sí tar éis glacadh leis an tairiscint don chúrsa dara rogha. Má ghlacann sí nó mura ghlacann sí leis an tairiscint dá cúrsa dara rogha, ní chuirfidh ceachtar acu cosc uirthi ag fáil tairiscint don chúrsa céad rogha má mheasann an institiúid go bhfuil sí incháilithe i mbabhta níos moille ar aghaidh.**

# Leithdháileadh Áiteanna

1. CK101



**SAMPLA – Déantar tairiscint a eisiúint di i mBabhta 3 dá cúrsa chéad rogha!**

- Sa tríú babhta de thairiscintí déantar dhá thairiscint eile ar CK101 agus anois faigheann ár n-iarratasóir, a bhí ag barr na scuaine, tairiscint.
- Tá féidearthacht ann nach ndéanfaidh sí rud ar bith agus go bhfanfaidh sí in DN201, nó tá seans ann go nglacfaidh sí leis an tairiscint.

# I bhFíor-Ord




- Ní gá duit tomhas a dhéanamh ar na pointí a bheidh de dhíth do na cúrsaí ina bhfuil spéis agat.
- Go bunúsach, cuir do rogha cúrsaí i bhfíor-ord do rogha féin ón gcéad rogha 1, go dtí an rogha is ísle 10.
- Má tá tú i dteideal tairisceana, déanfar an rogha ab airde a bhfuil tú ina theideal a thairiscint duit.

# Ceisteanna Coitianta


**C** Tá tairiscint faighte agam do chúrsa a bhí mar an dara rogha agam – má ghlacaim leis an tairiscint seo an gciallaíonn sé sin nach bhfaighidh mé aon tairiscint eile?

**C** Fuair mé tairiscint do chúrsa a bhí mar an tríú rogha agam, ach b'fhearr liom áit ar an gceathrú rogha, cad é ba chóir dom déanamh?

**C** Tá na pointí agam, cad chuige nach bhfuair mé tairiscint?

**C** Ní bhfuair mé aon tairiscint, cad iad na roghanna atá agam?

# An bhfuil ceist agat?





- **Déan seic ar an leathanach 'An bhfuil ceist agat' sula seolann tú ríomhphost chuig CAO.**
- **Mura bhfuil freagra do cheiste ar an leathanach 'An bhfuil ceist agat', is é an Rannán Comhfhreagrais do do Chuntas CAO an bealach is éasca agus is éifeachtúla le dul i dteagmháil le CAO. Tabhair an oiread faisnéise agus is féidir agus gheobhaidh tú freagra ar do cheist, de ghnáth laistigh de lá oibre amháin.**
- **Ba cheart duit deimhniú postála a fháil ag Oifig an Phoist gach uair a sheolann tú aon rud chuig an CAO. Is seirbhís saor in aisce í seo agus tugann sé suaimhneas intinne duit.**

# Acmhainní Úsáideacha

Tá Lámhleabhar an CAO pearsantaithe ar fáil anseo

Tabhair cuairt ar an rannán 'Iarratasóirí' atá ar fáil anseo do Threoir Físe agus acmhainní úsáideacha lena n-áirítear an tsaoráid maidir leis an 'Iarratas Samplach'.




Coinnigh do shúil air seo do 'Dhátaí Tábhachtacha'.

# Faoi dheireadh...

Cuimhnigh go gcaithfidh tú na doiciméid agus treoracha ar fad a léamh go cúramach ó CAO.

Leanann beagnach gach iarratasóir na treoracha simplí ó CAO agus ní bhíonn aon fhadhb ann de ghnáth.

Mura dtuigeann tú rud ar bith maidir leis an bpróiseas iarratais, gabh i dteagmháil linn, le do thoil ar ár suíomh gréasáin: www.cao.ie